



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Deireadh Fómhair 2024
(OR. en)

14762/11

Comhad Idirinstitiúideach:
2011/0249 (NLE)

WTO 328
AMLAT 83
SERVICES 95
COMER 189

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích
an Chomhaontaithe Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit,
de pháirt, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile

CINNEADH Uimh. .../2012/AE ÓN gCOMHAIRLE

an

**maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Trádála
idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt,
agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91,
Airteagal 100(2) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa¹,

¹ Toiliú ... (nár foilsíodh go fóill in IO).

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 19 Eanáir 2009, d'údaraigh an Chomhairle an Coimisiún comhaontú trádála ilpháirtí a chaibidil thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát le Balltíortha Chomhphobal na nAindéas, a raibh sé d'aidhm choiteann acu comhaontú trádála uailmhianach, cuimsitheach agus cothromaithe a bhaint amach.
- (2) Tugadh an chaibidlíocht sin i gcrích agus cuireadh inisealacha leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta) an 23 Márta 2011.
- (3) I gcomhréir le Cinneadh Uimh .../2012/AE ón gComhairle^{1*}, síníodh an Comhaontú thar ceann an Aontais an ..., faoi réir a thabhairt i gcrích, agus cuireadh i bhfeidhm é ar bhonn sealadach.
- (4) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas.
- (5) Ní dhéanann an Comhaontú difear do chearta infheisteoirí na mBallstát sochar a bhaint as aon chóir níos fabhraí dá bhforáiltear in aon chomhaontú a bhaineann le hinfheistíocht a bhfuil Ballstát agus tír Aindéach is sínitheoir ina bPáirtithe ann.

¹ IO L ...

* IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir agus tagairt foilseacháin an Chinnidh atá in 14759/11.

- (6) De bhun Airteagal 218(7) den Chonradh, is iomchuí don Chomhairle údarú a thabhairt don Choimisiún formheas a dhéanamh ar mhodhnuithe ar an gComhaontú a bhaineann le tásca geografacha atá le glacadh ag an gCoiste Trádála, faoi mar a mhol an Fochoiste um Maoin Intleachtúil de bhun Airteagal 209(2) den Chomhaontú.
- (7) Is iomchuí na nósanna imeachta ábhartha a leagan amach maidir leis na tásca geografacha sin, dá dtugtar cosaint de bhun an Chomhaontaithe, a chosaint.
- (8) Níor cheart aon ní sa Chomhaontú a fhorléiriú mar ní a thugann cearta nó a fhorchuireann oibleagáidí is féidir a agairt go díreach os comhair chúirteanna agus bhinsí an Aontais Eorpaigh nó na mBallstát,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an Comhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile^{1*}, a fhormheas thar ceann an Aontais.

Airteagal 2

Ainmneoidh Uachtarán na Comhairle an duine (na daoine) a mbeidh sé de chumhacht aige (acu) an fógra dá dtagraítear in Airteagal 330(1) den Chomhaontú a thabhairt, thar ceann an Aontais, chun toiliú an Aontais a bheith faoi cheangal ag an gComhaontú a chur in iúl.

Airteagal 3

Chun críocha Airteagal 209(2) den Chomhaontú, is é an Coimisiún a dhéanfaidh modhnuithe ar an gComhaontú a bhaineann le tásca geografacha atá le glacadh ag an gCoiste um Thrádáil, faoi mar a mhol an Fochoiste um Maoin Intleachtúil, a fhormheas thar ceann an Aontais. I gcás nach féidir le páirtithe leasmhara teacht ar chomhaontú tar éis agóidí a bhaineann le tasc geografach, glacfaidh an Coimisiún an seasamh sin ar bhonn an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 15(2) de Rialachán (CE) Uimh. 510/2006 ón gComhairle an 20 Márta 2006 maidir le tásca geografacha agus ainmniúcháin tionscnaimh do tháirgí talmhaíochta agus d'earraí bia a chosaint².

¹ Foilsíodh an Comhaontú in IO ... in éineacht leis an gCinneadh maidir le síniú.

* IO: cuir isteach i bhfonóta 1, le do thoil, tagairt foilseacháin an Chomhaontaithe in 14764/11.

² IO L 93, 31.3.2006, lch. 12.

Airteagal 4

1. Ainm arna chosaint faoi Fhoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn XIII (Liostaí de Thásca Geografacha) a ghabhann leis an gComhaontú, féadfaidh aon oibreoir a mbeidh táirgí talmhaíochta, ábhar beatha, fionta, fionta cumhraithe nó biotáillí atá i gcomhréir leis an tsonraíocht chomhfhreagrach á margú aige an t-ainm sin a úsáid.
2. Déanfaidh na Ballstáit agus institiúidí an Aontais an chosaint dá bhforáiltear in Airteagal 210 den Chomhaontú a fhorfheidhmiú, arna iarraidh sin ag páirtí leasmhar san áireamh.

Airteagal 5

Chun na rialacha cur chun feidhme is gá maidir le cur i bhfeidhm na rialacha atá i bhFoscríbhinn 2A agus Foscríbhinn 5 d'Iarscríbhinn II a bhaineann le Sainmhíniú an Choincheapa 'Táirgí Tionscnaimh' agus le Modhanna Comhair Riaracháin, agus i bhFoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn I a bhaineann le Dleachtanna Custaim a Dhíchur a ghabhann leis an gComhaontú a ghlacadh, is é Airteagal 247a de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 lena mbunaítear Cód Custaim an Chomhphobail¹ an fhoráil is infheidhme.

¹ IO L 302, 19.10.1992, lch. 1.

Airteagal 6

Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú mar ní lena dtugtar cearta nó lena bhforchuirtear oibleagáidí is féidir a agairt go díreach os comhair chúirteanna agus bhinsí an Aontais Eorpaigh nó na mBallstát.

Airteagal 7

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán
